Baboró International Arts Festival for Children

Ag Ullmhú do Chuairt ar Baboró

Nótaí don Mhúinteoir

Beidh Maor de chuid Bhaboró ar a mbeidh t-léine dearg Fhéile Bhaboró ag bualadh libh ag an stad bus atá molta don ionad.

Cuir, le do thoil, ainm an léirithe ar an gclár roimh ré ionas go mbeidh na páistí in ann a dtuismitheoirí a chur ar an eolas i dtaobh an léirithe a mbeidh siad ag féachaint air.

Labhair le do rang faoin méid a bheidh rompu nuair a thiocfaidh siad chuig an bhféile agus faoin méid a bhfuiltear ag súil uathu ó tharla go bhfuil seans ann nach raibh siad ag amharclann ná ag dánlann riamh cheana.
Déan cinnte go nglacfaidh na múinteoirí/cúntóirí riachtanas speisialta páirt go gníomhach sa léiriú/taispeántas/cheardlann mar eispéireas coiteann lena gcuid daltaí.

Níl aon pholasaí Fuist againn: Tá sé tugtha faoi deara againn gur minic a bhíonn páistí ag comhrá lena chéile go híseal agus iad ag féachaint ar léiriú. Is foirm ghníomhach rannpháirtíochta é seo agus ní chuireann sé isteach ar aon duine. Ní gá na páistí a chiúnú agus iad á dhéanamh seo. Ar ndóigh, ní cheadaítear caint ghlórach ná iompar suaiteach agus ba chóir meas a léiriú do na healaíontóirí.

Léigh é seo le do rang le do thoil sula bhfreastlaíonn tú ar imeacht de chuid Baboró:

- Seasaigí i mbeirteanna (an córas páirtíochta) agus ná déanaigí dearmad fanacht leis an rang an t-am ar fad
- SIÚLAIGÍ, le bhur dtoil, chun na hamharclainne agus SIÚLAIGÍ agus sibh laistigh den amharclann
- Nuair a shroichfidh tú an amharclann, feicfidh tú Maoir de chuid Bhaboró i t-léinte dearga orthu.
- Má chailleann tú an grúpa, téigh chuig Maor de chuid Bhaboró le haghaidh cúnaimh
- Tógaigí na suíocháin ceann ar cheann, ag líonadh aon sraith amháin sula dtosaítear ceann nua. Tá formhór na léirithe díolta amach agus teastóidh na suíocháin ar fad
- Tá formhór na léirithe díolta amach agus beidh gach suíochán ag teastáil
- Ní cheadaítear aon Ithe ná Ól laistigh den amharclann
- Cuirigí gach mála faoi bhur suíocháin. Ná fágaigí iad sna pásaistí
- Múchaigí gach fón póca.
- Fanaigí in bhur suíocháin.
- Más gá dul chuig an leithreas, cuir ceist ar Mhaor de chuid Bhaboró le taispeáint duit cá bhfuil siad agus téigh chuig an leithreas i gcónaí in éineacht le páiste eile nó le múinteoir.
- I ndiaidh na léirithe fanaigí in bhur suíocháin go dtí go ligeann Maor de chuid Bhaboró do shraith amach.
- Bí cinnte de go dtógann tú gach a bhaineann leat agus tú ag fágáil na hamharclainne.
- Thar aon rud eile, suigh siar agus bain sult as! Is leatsa an fhéile seo.